

**an
post**



Éire Níos Sona agus Níos Sláintiúla faoi cheann 2030

Do sheans chun páirt a ghlacadh!

An 1ú agus 2ú Rang





An Post – caith súil ar cad atá ar bun acu chun bail níos sona agus níos sláintiúla a chur ar Éirinn amach anseo!



an
post

An Post – Do Lorg a Fhágáil!




an
post

Cad atá ar siúl sna pictiúir?




Conas is féidir le hlompar in Éirinn bail níos sona agus níos sláintiúla a chur orainn mar phobal?



Cad atá ar siúl sna pictiúir?



Conas is féidir le Fuinneamh in Éirinn bail níos sona agus níos sláintiúla a chur orainn mar phobal?




an
post

Cad atá ar siúl sna pictiúir?




Conas is féidir le leas a bhaint as cur ar chumas daoine eile páirt a ghlacadh bail níos sona agus níos sláintiúla a chur orainn mar phobal?



Cad atá ar siúl sna pictiúir?




Conas is féidir le Bithéagsúlacht in Éirinn bail níos sona agus níos sláintiúla a chur orainn mar phobal?



Cad atá ar siúl sna pictiúir?




Conas is féidir le leas a bhaint as an meon “laghdú, athúsáid, agus athchúrsáil” chun bail níos sona agus níos sláintiúla a chur orainn mar phobal?



Cad atá ar siúl sna pictiúir?



How can we stop climate change in Ireland to make our community happier and healthier?



Litir Shamplach

Léigh an litir agus scríobh litir is seol chugainn í ansin ina n-insíonn tú dúinn faoi na bealaí is rogha leat chun bail níos sona agus níos sláintiúla a chur ar Éirinn amach anseo!

Tá Laura 15 bliana d'aois. Tá sí ar an saol sa todhchaí - sa bhliain 2030.

Seo chugaibh an méid atá le rá aici!



A Lucht an 1ú/2ú Rang,

Beannachtaí ón Todhchaí! Laura is ainm dom agus táim ar an saol sa bhliain 2030.

Éist liom agus inseoidh mé duit faoin domhan sláintiúil sona ina bhfuilim i mo chónaí! Ar an gcéad dul síos, is beag carr a bhíonn le feiceáil ar an mbóthar anois agus an t-uafás rothar. Má tá carr ag duine caithfidh sé nó sí é a phlugaíl isteach roimh dhul a chodladh le go mbeadh sé ag luchtú i rith na hoíche. Tá i bhfad níos lú torainn agus truaillithe um an dtaca seo ós rud é go mbíonn gach duine ag rothaíocht anois agus go mbaintear leas i bhfad níos mó as seirbhísí bus agus traenach. Tá sé an-saor do charr a luchtú anois agus déanann daoine an t-uafás airgid a shábháil dá bharr.

Maidir leis na tithe ina bhfuil cónaí orainn a théamh, tá feabhas air sin freisin. Tá painéil ghréine ar mo theach féin le mo theaghlach agus mé féin a choimeád te teolaí. Is fuinneamh "glan" é seo, rud a fhágann gur féidir é a úsáid arís agus arís eile, agus ní bhíonn deireadh leis go deo!

Tá gach daoine sona sláintiúil freisin de réir dealraimh. Déanann mo chairde agus mé féin deimhin de gur féidir le gach duine páirt a ghlacadh inár gcluichí ag am sosa agus tugaimid cuairt ar na seandaoine inár gceantar. Éiríonn siad uaigneach uaireanta agus is deas an rud é mar sin a bheith in ann áthas a chur orthu.


Tá níos mó crann á gcur againn agus tá bail níos sláintiúla ar an timpeallacht mórthimpeall orainn. Bíonn seisiún mór bailithe bruscair againn gach Satharn le gur féidir leis na hainmhithe agus na plandaí inár gceantar maireachtáil go sona sábháilte.

Níl athrú aeráide ina ábhar inní chomh mór sin a thuilleadh ós rud é go ndéanann gach duine a gcion chun é a mhaolú. Tá go leor boscaí athchúrsála agus lánaí rothar inár gceantar. Tá sé go diail ar fad!

Is iontach go deo a bheith beo sa todhchaí! Sula mbaileoidh mé liom, an miste leat cabhrú liom chun an scéal a scaipeadh faoin todhchaí a fheabhsú trí dhaoine a chur ar an eolas faoi conas is féidir leo bail níos sláintiúla agus níos sona a chur ar Éirinn?

Go raibh maith agat agus feicfidh mé go luath thú.

Laura



an
post

an post

